AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA **S61AT**

531

# A

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

## GRAFAIC THEICNIÚIL — ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 13 MEITHEAMH — MAIDIN, 9.30 - 12.30

IOMLÁN NA MARCANNA 400 (Roinn A agus B)

| UIMHIR SCRÚDAITHE | STAMPA AN IONAID |
|---|---|
| ☞ | ☞ |

**TREORACHA**

**(a) Freagair deich gceist ar bith de na ceisteanna le freagraí gearra i Roinn A (120 marc) agus úsáid á baint as na spásanna atá ann dóibh. Tá na ceisteanna uile i Roinn A ar aon mharc.**

**(b) Freagair ceithre cheist ar bith as na sé cheist atá i Roinn B (280 marc). Tá na ceisteanna uile i Roinn B ar aon mharc.**

**(c) Ní mór an uimhir scrúdaithe a scríobh go soiléir sa spás atá ann di thuas agus ar gach bileog pháipéir a úsáidtear.**

**(d) Ní mór na línte tógála uile a thaispeáint go soiléir.**

**(e) Tá na toisí uile ina milliméadair.**

**(f) Cuir ar ais an leabhar freagraí seo (Roinn A) i ndeireadh an scrúdaithe.**


| Don Scrúdaitheoir Amháin | | |
|---|---|---|
| **CEIST** | | **MARC** |
| **Roinn A (Iomlán)** | | |
| **Roinn B** | **Ceist 1** | |
| | **Ceist 2** | |
| | **Ceist 3** | |
| | **Ceist 4** | |
| | **Ceist 5** | |
| | **Ceist 6** | |
| **IOMLÁN** | ➡ | |
| **GRÁD** | ➡ | |

**RABHADH**

**TABHAIR AN LEABHAIR FREAGRAÍ SEO AR AIS I NDEIREADH AN SCRÚDAITHE NÓ CAILLFEAR MARCANNA.**


**1.** Líon isteach mar is ceart na lipéid do gach léaráid agus roghnaigh iad ón tábla a thugtar.

| TÁBLA | | | |
|---|---|---|---|
| Nónagán | Cearnóg | Heipteagán | Rombas |




__________ __________ __________ __________

**2.** Inscríobh ciorcal sa triantán a thaispeántar. Aimsigh na pointí teagmhála.




**3.** Liostaigh na hordaithe CAD a bhaintear úsáid as leis an bhfíor a chur in eagar mar a thaispeántar sa seiceamh thíos.




**Eagar Ordaithe a úsáidtear:** __________ __________


**4.** Ag baint úsáide as an ngreille chearnógach, déan sceitse de na clónna ortagrafacha ag féachaint i dtreo na saighead.





**5.** Inscríobh peinteagán rialta sa chiorcal a thaispeántar. Taispeáin na tógálacha is gá.




**6.** Taispeántar trí chló ortagrafacha d'earra áirithe ar an ngreille chearnógach. Taispeántar an <u>sceitse pictiúrtha neamhiomlán</u> den earra ar an ngreille isiméadrach. Críochnaigh an sceitse pictiúrtha.




**7.** Taispeántar ciorcal leis an lárphointe O agus líne L. Aimsigh pointe P atá 10mm ó imlíne an chiorcail agus atá 15mm ón líne L.





**8.** Taispeántar an t-ingearchló, an bonnchló agus an taobhchló neamhiomlán de dhlúthóg bharrscoite. Críochnaigh an taobhchló.



**9.** Roinn an líne a thugtar sa chóimheas 2:3:4




**10.** Taispeántar an mhór-ais V1— V2 de éilips áirithe agus pointe P a luíonn ar an gcuar. Tarraing an mhion-ais agus taispeáin a suíomh agus a fad.





**11.** Taispeántar an t-ingearchló agus an bonnchló de mhionsamhail eitleáin.


Deán sceitse <u>pictiúrtha saorláimhe</u> den mhionsamhail eitleáin sa spás a chuirtear ar fáil.




**12.** Maisigh an sceitse a thaispeántar den trucail bhréagáin le scáthú a chur uirthi.




**13.** Athraigh an dronuilleog a thugtar go cearnóg den achar céanna.



**14.** Rothlaigh an fhíor a thugtar ar tuathal trí 60° thar an phointe P.




**15.** Taispeántar na clónna ortagrafacha de dhlúthóg dheilbhithe. Innéacsaigheadh an dromchla barr claonta sa bhonnchló. Innéacsaigh an dromchla seo san ingearchló agus sa taobhchló.



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA **S61BT**

533

# B SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

GRAFAIC THEICNIÚIL — ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 13 MEITHEAMH — MAIDIN, 9.30 - 12.30

## ROINN B — 280 MARC

## TREORACHA DON ROINN B

**(a) Freagair ceithre cheist ar bith.**

**(b) Tá na ceisteanna uile sa Roinn seo ar aon mharc.**

**(c) Ní mór uimhir na ceiste a scríobh go soiléir le hais an fhreagra a ghhabhann léi.**

**(d) Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar**

**(e) Ní mór d'uimhir scrúdaithe a mharcáil ar gachbileog a úsáideann tú.**


**1.** Taispeántar an cló pictiúrtha de leacht cuimhneacháin.

(a) Tarraing ingearchló ag féachaint i dtreo na saighde A.

(b) Tarraing taobhchló ag féachaint i dtreo na saighde B.

(c) Tarraing bonnchló a theilgtear ó (a) thuas.

(d) Tarraing ingearchló cúnta den <u>struchtúr iomlán</u> a thaispeánfaidh fíorchruth an dromchla S.





**2.** Taispeánann an fhíor an t-ingearchló agus an bonnchló de shorcóir A, de chón B agus de sféar C agus iad ag teagmháil lena chéile.


Taispeántar sceitse de na dlúthóga freisin.

(a) Tarraing an t-ingearchló agus an bonnchló a thugtar.


(b) Tarraing ingearchló cúnta de na dlúthóga a theilgtear i dtreo na saighde.

(c) Taispeáin na pointí tadhaill sna clónna go léir.





**3.** Taispeánann an fhíor an cló isiméadrach neamhiomlán de choimeádán peann de réir modh na n-aiseanna aicsiniméadracha. Taispeántar an taobhchló agus an bonnchló ina n-ionaid chuí. Taispeántar sceitse den choimeádán peann freisin.




(a) (i) Tarraing na haiseanna aicsiniméadracha X, Y agus Z.


(ii) Tarraing an bonnchló treoshuite ag 45° mar a thaispeántar.

(iii) Tarraing an taobhchló treoshuite ag 15° mar a thaispeántar.

(iv) Tarraing an cló aicsiniméadrach iomlán.

**NÓ**

(b) Tarraing an cló isiméadrach críochnaithe agus úsáid á baint as an scála isiméadrach.





**4.** Taispeánann an fhíor an t-ingearchló agus an bonnchló de choimeádán dúnta.

Taispeántar sceitse den choimeádán freisin.

(a) Tarraing na clónna a thugtar.

(b) Tarraing forbairt dromchla iomlán an choimeádáin.








Thall ☞


**5.** Déantar trasfhoirmithe ar an bhfíor den chnota a thaispeántar san ord seo a leanas :-

(i) Siméadracht aiseach sa líne QR.

(ii) Aistriuchán cothrom le $\overrightarrow{QR}$

(iii) Siméadracht lárnach sa phointe S.

Tarraing an fhíor a thugtar agus aimsigh an iomhá atá i ngach ceann de na trasfhoirmithe.




**6.** Taispeánann an fhíor dearadh atá bunaithe ar iasc. Tá an cuar ABCDE bunaithe ar éilips le mór-ais 130 agus pointe fócasach F. Tá an líne BP tadhlaíoch don éilips ag an bpointe B.

Tá an cuar QDR bunaithe ar pharabóil le rinn D.

Tarraing an fhíor a thugtar agus taispeáin na línte tógála uile.

